
# Leonora Barry



**Féach ar an bhfíseán ar dtús faoi Leonora Barry. Cabhróidh an ghluais seo leat.**

| | |
|---|---|
| Lucht oibre | Daoine a bhíonn ag obair i jabanna nach bhfuil pá ard ag baint leo |
| Éagóir | Nuair nach gcaitear i gceart le duine nó le daoine |
| Coinníollacha oibre | An timpeallacht ina bhfuil daoine ag obair |
| Imirceach | Duine a fhágann a dtír dhúchais agus a bhogann go tír nua |
| Ceardchumann | Eagraíocht a thacaíonn le fostaithe i gcomhlacht |
| Eagraí | Duine a eagraíonn agus a stiúrann daoine |
| Tuarastal | An t-airgead a thuilleann fostaí as an obair a dhéanann sé/sí |
| Fostóir | Duine a fhostaíonn duine nó daoine chun obair ar leith a dhéanamh |
| Fostóirí gan scrupaill | Fostóirí neamhchoinsiasacha |



# Leonora Barry

**Anois, féach ar an bhfíseán arís agus aimsigh an bhfuil na habairtí seo a leanas fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar theoir.**

| | |
|---|---|
| **Ba as Corcaigh ó dhúchas do Leonora Barry** | **F** |
| Bhí Leonora Barry an-sásta le coinníollacha oibre an lucht oibre i Meiriceá | |
| Tugtar Ré Órga Mheiriceá ar an tréimhse idir na 1870idí agus 1900 | |
| Thuill Leonora Barry fíorbheagán airgid as an obair a rinne sí gach seachtain | |
| Ba í Leonora Barry an chéad bhean riamh a ceapadh ina heagraí ar cheardchumann i Meiriceá | |
| Ní raibh aon oideachas foirmiúil ar Leonora | |
| Chuaigh an saol in olcas do Leonora agus dá páistí nuair a cailleadh a fear céile | |
| Fuair Leonora post ar fheirm nuair a cailleadh a fear céile | |
| Ghlac sí ballraíocht i gceardchumann tamall tar éis di tosú ag obair i monarcha | |
| Bhailigh Leonora staitisticí faoi shaol na mban sa lucht oibre i Meiriceá | |
| Bhí an-trua ag Leonora d'fhostóirí na monarchan mór i Meiriceá | |

# Leonora Barry

**Anois, ag obair leis an duine in aice leat, meaitseálaigí tús na n-abairtí seo a leanas leis an deireadh ceart. Tá an chéad cheann déanta mar theoir.**

| | |
|---|---|
| **Bhí Leonora Barry ar dhuine de na** | Ag gáire, ag caint nó a bheith ag canadh |
| Léirigh obair Leonora Barry an cruatan agus | **Mór-smaointeoirí eacnamaíochta i Meiriceá sa naoú haois déag** |
| Chaith fostóirí áirithe go han-dona | An t-anró a bhí á bhfulaingt ag lucht oibre Mheiriceá |
| I roinnt monarchan i Meiriceá ní raibh céad ag fostaithe a bheith | Go Meiriceá sa bhliain 1849 |
| Throid Leonora Barry ar son | Ar an gciapadh gnéasach a bhí á fhulaingt ag mná áirithe san ionad oibre |
| Cailleadh Leonora Barry | Chearta vótála na mban chomh maith, níos déanaí ina saol |
| Tharraing Leonora Barry aird | Faoi dhó |
| D'fhág teaghlach Leonora Barry Corcaigh le dul | An dara rogha aici ach dul amach ag obair |
| Phós Leonora | Sa bhliain 1923 |
| Nuair a cailleadh fear céile Leonora ní raibh | Lena gcuid fostaithe i Meiriceá sa naoú haois déag |
| Bhí coinníollacha oibre uafásacha i réim | Sna monarchana i Meiriceá sa naoú haois déag |

# Leonora Barry

**Anois, ag obair le do pháirtí ranga tugaigí faoin gceacht seo ar shaol na mban sa lucht oibre i Meiriceá sa naoú haois déag.**

**Cill Mhichíl, coinníollacha oibre, i gceardchumann, róphlódaithe, lucht oibre, fuar, dúshlánach, uaireanta fada oibre, airgead**

Bhí saol thar a bheith deacair agus ____________ag an-chuid ban de chuid an _____ _______ i Meiriceá sa dara leath den naoú haois déag. Ní hamháin go mbíodh cúraimí clainne ar mhná ach ba mhinic go mbíodh orthu dul amach ag obair chun ________breise a thuilleamh dá gclann. Bhíodh na __________ _____ go hainnis sna monarchana sna cathracha móra ar fud Mheiriceá. Bhíodh sé damanta te i rith an tsamhraidh agus thar a bheith _____ i rith an gheimhridh. Bhíodh na monarchana ______________ chomh maith, bhíodh na sosanna ón obair róghairid agus bhíodh __________ _____ ________ le déanamh gach lá. Thosaigh mná agus fir ag glacadh ballraíochta __ ______________chun a gcuid coinníollacha oibre a fheabhsú beagán. Duine de na ceannródaithe baineann a chabhraigh le saol na mban sa lucht oibre a fheabhsú ba ea Leonora Barry, as ___ ________i gcontae Chorcaí.

**Anois, breac síos cúig fhíric stairiúla atá foghlamtha agat faoi Leonora Barry.**

1)________________________________________________________________________
2)________________________________________________________________________
3)________________________________________________________________________
4)________________________________________________________________________
5)________________________________________________________________________

# Leonora Barry

**Taighde:**

**Bean cheannródaíoch a bhí i Leonora Barry. Seo a leanas ceathrar ban eile a bhí gníomhach i ngluaiseacht chearta na n-oibrithe in Éirinn sa chéad leath den fhichiú haois. Déan taighde ar líne más gá agus déan cur síos gairid ar na mná ceannródaíocha seo.**

**1.Delia Larkin**
**2.Rosie Hackett**
**3.Louie Bennett**
**4.Helena Moloney**

# Leonora Barry

## Na Freagraí

1. Fíor
2. Bréagach
3. Fíor
4. Fíor
5. Fíor
6. Bréagach
7. Fíor
8. Bréagach
9. Fíor
10. Fíor
11. Bréagach

1. Bhí Leonora Barry ar dhuine de na mór-smaointeoirí eacnamaíochta i Meiriceá sa naoú haois déag.
2. Léirigh obair Leonora Barry an cruatan agus an t-anró a bhí á bhfulaingt ag lucht oibre Mheiriceá.
3. Chaith fostóirí áirithe go han-dona lena gcuid fostaithe i Meiriceá sa naoú haois déag.
4. I roinnt monarchan i Meiriceá ní raibh céad ag fostaithe a bheith ag gáire, ag caint nó a bheith ag canadh.
5. Throid Leonora Barry ar son chearta vótála na mban chomh maith, níos déanaí ina saol.
6. Cailleadh Leonora Barry sa bhliain 1923.
7. Tharraing Leonora Barry aird ar an gciapadh gnéasach a bhí á fhulaingt ag mná áirithe san ionad oibre.
8. D'fhág teaghlach Leonora Barry Corcaigh le dul go Meiriceá sa bhliain 1849.
9. Phós Leonora faoi dhó.
10. Nuair a cailleadh fear céile Leonora ní raibh an dara rogha aici ach dul amach ag obair.
11. Bhí coinníollacha oibre uafásacha i réim sna monarchana i Meiriceá sa naoú haois déag.

# Leonora Barry

## Na Freagraí

Bhí saol thar a bheith deacair agus dúshlánach ag an-chuid ban de chuid an lucht oibre i Meiriceá sa dara leath den naoú haois déag. Ní hamháin go mbíodh cúraimí clainne ar mhná ach ba mhinic go mbíodh orthu dul amach ag obair chun airgead breise a thuilleamh dá gclann. Bhíodh na coinníollacha oibre go hainnis sna monarchana sna cathracha móra ar fud Mheiriceá. Bhíodh sé damanta te i rith an tsamhraidh agus thar a bheith fuar i rith an gheimhridh. Bhíodh na monarchana róphlódaithe chomh maith, bhíodh na sosanna ón obair róghairid agus bhíodh uaireanta fada oibre le déanamh gach lá. Thosaigh mná agus fir ag glacadh ballraíochta i gceardchumann chun a gcuid coinníollacha oibre a fheabhsú beagán. Duine de na ceannródaithe baineann a chabhraigh le saol na mban sa lucht oibre a fheabhsú ba ea Leonora Barry, as Cill Mhichíl i gcontae Chorcaí.

